CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2022/1311 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Meitheamh 2022

lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Ríocht na hIorua chun leasú a dhéanamh ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá torthaí an-dearfach léirithe sa chreat comhair faoin gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha ([1]) ("an Comhaontú"), mar a léiríodh ag an dara cruinniú den Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú, a tionóladh in Osló an 25 Samhain 2021.

(2) Bhainfeadh na Ballstáit tairbhe as comhar riaracháin níos éifeachtaí a bheith acu leis an Iorua dá neartófaí an comhar sin trí uirlisí nua a chur leis, go háirithe a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí leantacha Eurofisc.

(3) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht idir an Aontas agus Ríocht na hIorua d'fhonn an Comhaontú a leasú.

(4) Tá an Cinneadh ina bhonn do na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú chun críocha an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 41(5) de agus i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais, le Ríocht na hIorua chun leasú a dhéanamh ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha.

Airteagal 2

Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Cheisteanna Cánach.

([1]) IO L 195, 1.8.2018, lch. 3.

Airteagal 4

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 17 Meitheamh 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
B. LE MAIRE